Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9483/22**

**PECHE 177**
**UK 95**
**N 39**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 253 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 253 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 253 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2022
COM(2022) 253 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

# I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2023

{SWD(2022) 157 final}

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2023**

## 1. RÉAMHRÁ

Leis an Teachtaireacht seo, tugtar tuilleadh sonraí maidir le stádas iascach na hEorpa agus cuirtear treoshuíomhanna ar fáil le haghaidh tograí ón gCoimisiún agus le haghaidh comhairliúcháin le tríú tíortha maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 arbh é an aidhm a bheadh leo athbhunú roinnt stoc agus cothabháil stoc sláintiúil a neartú tuilleadh ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe (MSY).

Tá fás leanúnach ag teacht ar an iascach ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, mar gheall na hiarrachtaí a rinneadh san earnáil ní hamháin chun tuilleadh feabhais a chur ar staid na stoc, ach chun na stoic inbhuanaithe a choinneáil i ndea-bhail freisin. Mar thoradh air sin, tá níos mó stoc á dtabhairt chuig leibhéil inbhuanaithe le torthaí an-mhaith, go háirithe san Atlantach Thoir Thuaidh.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, in 2021 lean an tAontas de bheith ina phríomhthionscnóir chun dul chun cinn breise a dhéanamh in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna). Mar sin féin, is gá iarrachtaí breise a dhéanamh go háirithe sa Mheánmhuir, áit a bhfuil an staid ina ábhar imní i gcónaí, agus i Muir Bhailt, áit inar aisiompaíodh na feabhsuithe a rinneadh le déanaí, i ngeall ar bhrúnna eile ar an gcomhshaol agus ar éiceachórais mhuirí.

Ó mhí Feabhra na bliana seo, le hionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, imríodh tionchar ar iascaigh ó roinnt peirspictíochtaí éagsúla, go háirithe sa Mhuir Dhubh. Mar thoradh ar an staid slándála atá ag teacht chun cinn sa Mhuir Dhubh, cuireadh isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus ar chúiseanna slándála cuireadh cosc sealadach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí áirithe na mBallstát, amhail uiscí de chuid na Rómáine a bhfuil teorainn acu le Deilt na Danóibe, agus d'eisigh na Ballstáit agus bruachthíortha eile rabhaidh slándála le haghaidh na hearnála ar an leibhéal réigiúnach. Ina theannta sin, mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise, tá sreabha trádála suaite, imríodh tionchar ar sholáthar na chomhairle eolaíche agus ar chaibidlíochtaí áirithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh lena n-éilítear bearta géarchéime an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) a úsáid chun tacú leis an suaitheadh suntasach i margadh na hearnála. Léirítear leis sin a thábhachtaí atá sé an athléimneacht a mhéadú tuilleadh chun slándáil bia san Eoraip a áirithiú, agus chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, go háirithe trí nuálaíocht bhreise agus aistriú fuinnimh.

## 2. DUL CHUN CINN MAIDIR LE hIASCAIREACHT INBHUANAITHE A BHAINT AMACH SAN AONTAS EORPACH

### 2.1. TREOCHTAÍ BITHMHAISE AGUS BRÚ IASCAIREACHTA

Chun a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe, is gá gan níos mó éisc a ghabháil ná mar is féidir a atáirgeadh gach bliain. Déantar iascaireacht inbhuanaithe ar stoc ag an uastáirgeacht inbhuanaithe nuair atá an cóimheas idir an ráta básmhaireachta iascaigh iarbhír (F) agus an ráta básmhaireachta iascaigh ag an uastáirgeacht inbhuanaithe ($F_{MSY}$) faoi bhun nó cothrom le 1.

In 2020, leanadh den laghdú ar bhrú foriomlán iascaireachta in uiscí an Aontais, agus tháinig feabhas ar stádas na stoc. Is díol sásaimh é go háirithe **gur thit cóimheas foriomlán na básmhaireachta iascaireachta faoi bhun 1 san Atlantach Thoir Thuaidh den chéad uair** in 2020, mar gheall ar na hiarrachtaí a rinneadh san earnáil. Mar sin féin, déantar ró-iascaireacht ar stoic áirithe eile agus/nó tá stoic áirithe eile lasmuigh de na teorainneacha bitheolaíocha atá sábháilte go fóill, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le dul chun cinn breise a dhéanamh chun cuspóirí an chomhbheartais iascaigh (CBI) a bhaint amach. I Muir Bhailt, aisiompaíodh an treocht dhearfach le blianta beaga anuas i ngeall ar an drochstaid chomhshaoil agus an ró-iascaireacht a rinneadh san am a chuaigh thart. Mar thoradh air sin, bhí caillteanas gnáthóg ann i gcás roinnt stoc éisc, laghduithe ar líon na n-iasc san fharraige agus méideanna níos lú trosc i Muir Bhailt agus stoc éisc eile i Muir Bhailt faoi láthair. Sa Mheánmhuir, maidir le stoic an Aontais agus stoic roinnte a rialaítear faoi phlean ilbhliantúil[1] (MAP) na Meánmhara Thiar (Meánmhuir Iar.) agus faoin gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), tugadh faoi deara céimeanna i dtreo chuspóir na huastáirgeachta iascaireachta, agus laghdú ar an gcóimheas básmhaireachta iascaireachta faoi bhun 2 den chéad uair ó 2003 i leith.

### 2.2. NA DEISEANNA IASCAIREACHTA A BHUNAÍTEAR LE hAGHAIDH 2022

Is céim thábhachtach iad na deiseanna iascaireachta a bunaíodh le haghaidh 2022 ó thaobh bainistiú iascaigh inbhuanaithe de.

San **Atlantach, i Muir Bhailt agus sa Skagerrak/Kattegat**, sainmhínítear deiseanna iascaireachta go príomha mar theorainneacha gabhála trí ghabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna).

Sna limistéir sin, maidir le **stoic arna mbainistiú ag an Aontas amháin**, leagadh síos teorainneacha gabhála i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe do na stoic uile a raibh an cóimheas sin ar fáil ina leith, seachas scadán Mhuir Bhailt Thiar, áit inar glacadh bearta diana eile i gcomhréir le Plean Ilbhliantúil Mhuir Bhailt. Rinneadh bearta cosanta breise freisin le haghaidh stoc i gcásanna deacra, amhail trosc Kattegat, trosc Mhuir Bhailt Thoir

[1] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lgh. 1-17).

agus trosc Mhuir Bhailt Thiar. Tríd is tríd, aithníonn na Ballstáit Bhaltacha agus na páirtithe leasmhara go bhfuil gá le gníomhaíocht chun stoic éisc thráchtála thábhachtacha a atógáil i Muir Bhailt agus tá a gcion féin á dhéanamh acu chun an cuspóir sin a bhaint amach.

**Maidir le stoic a roinntear leis an Ríocht Aontaithe,** chomhaontaigh an dá pháirtí teorainneacha gabhála, laistigh den spriocdháta a leagtar síos leis an gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA[2]), i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe i gcás fhormhór na stoc a raibh an chomhairle sin ar fáil ina leith. Níor glacadh cinneadh éagsúil ach i gcás 4 stoc (cásanna inar gabháil nialasach a comhairlíodh), agus chomhaontaigh an dá pháirtí teorainn ghabhála íseal nach gcumhdaítear ach le foghabhálacha, chun tachtadh na n-iascach grinnill measctha a chosc. Maidir le stoc amháin, tháinig siad ar chomhaontú maidir le TAC beag chun gur féidir leanúint den bhailiú sonraí.

Maidir le **stoic a roinntear go tríthaobhach leis an Iorua agus leis an Ríocht Aontaithe**, chomhaontaigh na trí pháirtí athbhunú breise trosc sa Mhuir Thuaidh a shaothrú trí leanúint de bhearta ceartaitheacha agus trí TAC a shocrú faoi bhun na comhairle eolaíche le haghaidh roinnt stoc eile a bhíonn ag idirghníomhú leis an trosc in iascach measctha. Socraíodh TACanna le haghaidh scadáin faoin gcomhairle eolaíoch. Is ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe a socraíodh an t-aon uastáirgeacht inbhuanaithe a ndearnadh measúnú air **a roinntear go déthaobhach leis an Iorua**.

Maidir le **stoic** ronnach, faoitíní gorma agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann, chomhaontaigh na stáit chósta[3] TACanna foriomlána a shocrú ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe. Tá an plé maidir le socruithe roinnte ar an gclár oibre in 2022, chun nach dtarlóidh ró-iascaireacht in éagmais socruithe roinnte.

Déantar iascaireacht os cionn leibhéal inbhuanaithe ar go leor stoc go fóill **sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh,** arb iad iascach ilspeiceas agus go leor stoc a roinntear le tríú tíortha is saintréithe dóibh, cé go raibh an bhásmhaireacht iascaireachta níos gaire don leibhéal inbhuanaithe i gcás stoic áirithe agus gur shroich 7 stoc a FMSY amach in 2020. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí diana caomhnaithe a dhéanamh chun cuspóir na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2025, go háirithe trí Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar agus Straitéis nua 2030 CGIM[4] a chur i bhfeidhm. Go deimhin, leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 cuirtear pacáiste suntasach beart chun feidhme, ar bearta iad a ghlac CGIM in 2021..

I bhfianaise na haidhme faoi **Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar** chun an uastáirgeacht iascaireachta a bhaint amach le haghaidh na stoc grinnill uile faoi mhí Eanáir 2025 ar a dhéanaí, leagtar amach cur chuige comhtháite agus domhanda maidir leis na

[2] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ST/5198/2021/INIT (IO L 149, 30.4.2021, lgh. 10-2539).

[3] Is iad an tAontas Eorpach, an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn, Oileáin Fharó, an Ghraonlainn, agus Cónaidhm na Rúise na Stáit Cósta san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh na stoc ábhartha

[4] https://www.fao.org/gfcm/2seas1vision/GFCM2030Strategy/es

deiseanna iascaireachta lena gcuirfear le huirlisí bainistíochta éagsúla agus lena dtabharfar sásra dreasachta isteach lena gceadófar gníomhaíochtaí iascaireachta méadaithe chun úsáid trealaimh níos roghnaithí agus limistéar coiscthe éifeachtúil a chúiteamh. Moltar do na Ballstáit bearta a bhunú chun tairbhe a bhaint as an sásra sin. Ina theannta sin, ghlac an Chomhairle uasteorainneacha gabhála le haghaidh na séaclaí domhainmhara is mó a ndéantar ró-iascaireacht orthu agus ghlac sí uasteorainneacha iarrachta le haghaidh báid spiléireachta.

Glacadh cinntí suntasacha mar thoradh ar an dianobair a rinneadh faoi **CIGM**, obair a fuair tacaíocht ó sheasamh comhsheasmhach an Aontais in ERBInna. Comhaontaíodh plean bainistíochta fadtéarmach CGIM le haghaidh peiligigh bheaga i Muir Aidriad chun táirgeacht ard fhadtéarmach a chur ar fáil a bheidh comhsheasmhach leis an uastáirgeacht iascaireachta, le teorainneacha gabhála laghdaithe in 2022 le haghaidh ainseabhaithe agus sairdíní, agus reo acmhainneachta le haghaidh trálaeir pheiligeacha agus soithí peas-saighne. Chinn CGIM freisin plean ilbhliantúil ceannródaíoch a chur chun feidhme maidir le stoic ghrinnill i Muir Aidriad lena mbunófar uasteorainn acmhainneachta do thrálaeir ghrinnill agus do thrálaeir bhíoma araon, chun sprioc na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach in 2026 i gcás na bpríomhstoc uile. Ghlac sé teorainneacha fómhair freisin maidir le coiréalaigh dhearga, uasteorainn ar an iarracht iascaireachta le haghaidh doráid choiteanna in uiscí idirnáisiúnta na Meánmhara, le haghaidh séaclaí domhainmhara sa Mhuir Iónach, i Muir na Leiveainte agus i gCaolas na Sicile, teorainneacha gabhála le haghaidh deargáin agus rinneadh an cinneadh leanúint de bhearta chun an eascann Eorpach a chosaint. Maidir le speiceas na Mara Duibhe, socraíodh TACanna le haghaidh turbaird faoi phlean CGIM agus socraíodh cuóta uathrialach le haghaidh saláin.

## 3. Staid chabhlach an Aontais

Cumhdaítear le CBI freisin bainistiú mhéid na gcabhlach iascaireachta chun a áirithiú go mbeidh a dtoilleadh gabhála ag teacht le hacmhainneacht táirgeachta na stoc éisc. Tá acmhainneacht iascaireachta iomarcach nach inmhianaithe ó thaobh na héiceolaíochta agus an airgeadais de, ós rud é go gcuirtear stoic i mbaol a róshaothraithe, dóitear breosla gan cúis mhaith agus laghdaítear an bhrabúsacht.

Ní mór do na Ballstáit cabhlaigh a choinneáil laistigh de na huasteorainneacha náisiúnta maidir le toilleadh soithigh (olltonnáiste (GT) agus cumhacht innill (kW). Ní mór dóibh gníomhú chun acmhainneacht na gcabhlach nach bhfuil cothrom a laghdú trí thuarascálacha bliantúla a ullmhú maidir le hinbhuanaitheacht bhitheolaíoch agus eacnamaíoch na gcabhlach, agus i gcás ina bhfuil fianaise ar éagothroime, ní mór dóibh pleananna gníomhaíochta a chur i láthair chun é sin a chur ina cheart laistigh de thréimhse shoiléir. Aon acmhainneacht a tharraingítear siar le cabhair phoiblí a ionadú, ní féidir í a ionadú.

I gcomparáid le 2020,tháinig laghdú beag ar an líon soithí, olltonnáiste (GT) agus cumhacht innill, faoi 0.07 %, 0.1 % agus 0.1 %, faoi seach. Mar thoradh air sin, i mí na Nollag 2021, bhí 74 380 soitheach de 1,320,362 GT agus 5,304,015 kW i gcabhlach cláraithe an Aontais (lena n-áirítear an cabhlach atá gníomhach sna réigiúin is forimeallaí).

**Cuireann na Ballstáit in iúl ina dtuairisciú in 2021 go bhfuil cabhlaigh á gcothabháil acu faoi bhun na n-uasteorainneacha, agus ar an gcaoi sin tá na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán 1380/2013 á n-urramú acu. Tá imní mhór ann, mar sin féin, maidir le cruinneas agus iontaofacht na ndearbhuithe cumhachta innill ó na Ballstáit agus maidir leis na sonraí is bonn leis na tuarascálacha náisiúnta agus maidir le pleananna gníomhaíochta na mBallstát a bheith ann nó cruinneas na bpleananna gníomhaíochta a cheanglaítear faoi Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.**

Maidir le sonraí bitheolaíocha sna réigiúin is forimeallaí agus in imchuach thoir na Meánmhara, agus maidir le táscairí eacnamaíocha, léirítear sna tuarascálacha go bhfuil bearnaí suntasacha ina soláthar. Bhí ranna ina raibh 50 soitheach nó níos mó nach raibh sonraí bitheolaíocha ná eacnamaíocha ar fáil ina leith ag an mBulgáir, ag an Chipir, ag an Spáinn, ag an bhFrainc, ag an nGréig, ag Éirinn, ag an Iodáil, ag Málta, ag an bPortaingéil agus ag an tSualainn. Sáraíodh sin le 200 soitheach sa Chipir, sa Fhrainc, in Éirinn agus sa tSualainn.

Maidir leis na pleananna gníomhaíochta, is cosúil nach leor iad sin i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí. Is ábhar imní é sin go háirithe i Muir Bhailt áit inar dócha go gcruthófar míchothromaíochtaí breise leis an laghdú ar dheiseanna iascaireachta agus sa Mheánmhuir áit inar mó faoi 1.94 an iascaireacht a dhéantar ar stoic ná rátaí na huastáirgeachta iascaireachta agus ina bhféadfadh spriocanna níos sonraí sa phlean gníomhaíochta a bheith mar bhonn chun leas iomlán a bhaint as cistí CEMID.

Ó tharla go bhfuil scor buan na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar cheann de na huirlisí a dtacaíonn CEMID leo chun róthoilleadh struchtúrach cabhlaigh a dhíothú, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit cláir CEMID atá á n-ullmhú le haghaidh 2021-27 a ailíniú lena mbeartas um bainistíocht cabhlach.

I gcomhthreo leis sin, tá an Coimisiún ag dul i dteagmháil leis na Ballstáit ábhartha agus ag iarraidh orthu aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna i ngach cás ar leith.

## 4. FEIDHMÍOCHT EACNAMAÍOCH

Tar éis roinnt blianta de phraghsanna inacmhainne, tá méadú suntasach tagtha ar **phraghsanna breosla** ó mhí an Mhárta 2022 i leith, méadú faoi dhó i gcomparáid leis an meánphraghas in 2021. Bhí cabhlach iascaireachta an Aontais ag íoc tuairim agus EUR 1.1-1.2 in aghaidh an lítir i lár mhí an Mhárta 2022.

Go dtí go bhfaighfear an tuarascáil ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) maidir le feidhmíocht eacnamaíoch chabhlach iascaireachta an Aontais (a bhfuiltear ag súil leis i mí Iúil 2022), léirítear sna luath- mheastacháin go gcaillfeadh cabhlach iascaireachta AE-27 EUR 0.3 billiún ar an iomlán in ioncam oibriúcháin in 2022, dá bhfanfadh praghsanna fuinnimh ar an leibhéal reatha.

Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór sna tionchair a bhíonn ag méaduithe ar an bpraghas fuinnimh ar chabhlaigh iascaireachta éagsúla an Aontais agus ar threalamh iascaireachta. 40 % den chabhlach mionscála, 66 % den chabhlach mórscála agus 87 % den chabhlach cianuisce, ní

bheidís brabúsach dá bhfanfadh praghsanna fuinnimh ar an leibhéal reatha ar feadh an chuid eile de 2022. Na ranna cabhlaigh a úsáideann trealamh atá dian ar bhreosla, amhail trálaeireacht, is iadsan a bheadh ar na ranna is mó a ndéanfaí difear dóibh.

Díreofar a thuilleadh ar na meastacháin sin sa tuarascáil ó STECF i mí Iúil, tuarascáil a úsáidfear sna cinntí a dhéanfar maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023.

Ina theannta sin, mar fhreagairt ar an ngéarchéim, rinne an Coimisiún gníomhaíocht ghasta an 25 Márta 2022 trí **shásra géarchéime CEMID** a ghníomhachtú, rud a chuir ar a gcumas do na Ballstáit tacaíocht ó CEMID a chur ar fáil chun freastal ar an suaitheadh suntasach sa mhargadh a tharla mar thoradh ar an ngéarchéim. Is féidir sin a chomhcheangal leis na pacáistí géarchéime eile atá ar fáil chun tionchar na géarchéime a mhaolú, go háirithe an Creat Sealadach Géarchéime um bearta Státchabhrach. An fhéidearthacht maidir le suas le 10 % de na cuótaí nár úsáideadh a thabhairt anonn go dtí an bhliain seo chugainn, tá sí bailí go fóill. Thairis sin, an 13 Aibreán 2022, mhol an Coimisiún leasú reachtach ar an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), rud a d’fhágfadh go bhféadfaí tuilleadh beart géarchéime a dhéanamh.

## 5. OIBLEAGÁID GABHÁLACHA A THABHAIRT I dTÍR

Is é is aidhm don oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír roghnaíocht a mhéadú agus leibhéil na ngabhálacha de thaisme a laghdú, trína áirithiú go dtabharfar gach gabháil i dtír.

Is léiriú í an chomhairle ó STECF agus ó ICES (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara) go bhfuil **leibhéil gabhálacha de thaisme** ard go fóill i roinnt iascach grinnill measctha in uiscí an Aontais (idir 20-30 % i Mórcheantar na Mara Thuaidh, sa Mhuir Cheilteach agus i mBá na Bioscáine agus Cósta Leithinis na hIbéire). Ina theannta sin, sna tuarascálacha ó na Ballstáit ní chuirtear ar fáil ach faisnéis theoranta maidir le tionchair shocheacnamaíocha na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.

Le tagairt do na 9 rialachán tarmligthe ina sonraítear na mionsonraí maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme, tugann STECF faoi deara gur beag a thuigtear don tionchar a bheadh ag díolúintí den sórt sin ar an mbásmhaireacht iascaireachta i bhfianaise leibhéal tuairiscithe na ngabhálacha a aischuireadh faoi dhíolúintí. Dá bhrí sin, oibreoidh an Coimisiún le grúpaí réigiúnacha na mBallstát ar **athbhreithniú ar na díolúintí uile atá ann cheana** maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

Le **CEMI** agus CEMID – lena ngabhann ráta ard cabhrach poiblí – tugtar tacaíocht do chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Is sa chomhthéacs sin a chaith na Ballstáit níos mó ná EUR 86 mhilliún in 2020, méid is níos mó ná aon bhliain roimhe sin, chun tacú le bearta a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Cé gur lean an tacaíocht le haghaidh bearta teicniúla chun roghnaíocht a fheabhsú de bheith ag fás, léiríodh san anailís mhionsonraithe freisin go raibh an chuid is mó den tacaíocht airgeadais dírithe ar thaighde lena dtacaítear le díolúintí agus ar uasghráduithe ar chóras TF lena n-éascaítear úsáid cuótaí níos éifeachtaí. Cé go ndearnadh go leor tionscadal agus trialacha nuálaíochta trealaimh, i roinnt cásanna níl an glacadh i measc na gcabhlach chomh forleathan agus a

bhíothas ag súil leis. Chuir STECF in iúl freisin gur chosúil gur mó a dhírigh na Ballstáit ar dhíolúintí a ghlacadh ná feabhas a chur ar roghnaíocht.

Is é sin an fáth a leanann an Coimisiún de na Ballstáit a spreagadh le h**úsáid níos fearr a bhaint as na cistí chun tuilleadh nuálaíochta agus úsáid iarbhír trealamh agus modhanna iascaireachta níos roghnaithí a áirithiú**, chun rialuithe a fheabhsú, agus chun luach éigin a fháil ó ghabhálacha de thaisme (gan margadh struchtúrtha a chruthú le haghaidh na ngabhálacha sin).

**Tá fadhbanna ag baint le rialú agus forfheidhmiú na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír go fóill.** Léirítear i dtorthaí na n-iniúchtaí a sheol an Coimisiún in 2020 nár ghlac na Ballstáit a ndearnadh iniúchadh orthu na bearta riachtanacha chun rialú agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus maidir leis an aischur suntasach gabhálacha nach ndéantar doiciméadú air atá ar siúl ag oibreoirí. Comhthacaíonn tuarascálacha eile leis sin, lena n-áirítear trí mheastóireacht ar chomhlíonadh a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA). Mar sin féin, is éard a mheasann STECF faoin dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i dtreoirthionscadail maidir le córais Faireacháin Leictreonacha gur céim dhearfach nuálach atá ann lena gcuideofar le cur chun feidhme éifeachtach na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus í a fhorfheidhmiú ionas go n-éireoidh le CBI, sheol an Coimisiún **nósanna imeachta maidir le sárú** in aghaidh na Spáinne, na Fraince, na Beilge, na hÉireann agus na hÍsiltíre ó tharla nach ndearna siad bearta iomchuí chun rialú, forfheidhmiú agus cigireacht a áirithiú maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ná ní dhearna siad bearta iomchuí chun doiciméadú cruinn mionsonraithe na ngabhálacha a áirithiú. Mura ndéantar bearta iomchuí sna réimsí sin, beidh iarmhairtí ann maidir leis na cainníochtaí móra gabhálacha neamhthuairiscithe nó míthuairiscithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

Leanann an Coimisiún de bheith ag obair leis na comhreachtóirí chun teacht ar chomhaontú maidir le **córas rialaithe iascaigh**[5] athbhreithnithe, go háirithe chun sainordú a thabhairt maidir le húsáid uirlisí cianfhaireacháin leictreonaigh, arb iad na modhanna is éifeachtaí agus is costéifeachtúla chun faireachán a dhéanamh ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Tá ríthábhacht le bailiú agus tuairisciú na sonraí gabhála freisin i ndáil le cáilíocht na comhairle eolaíche agus leis an uastáirgeacht iascaireachta a bhaint amach ar an gcaoi sin.

[5] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1005/2008, agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialú ar iascach (COM/2018/368 final, 30.5.2018).

## 6. NA PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ AGUS NA PRÍOMH-THREOSHUÍOMHANNA I nDÁIL LE TOGRAÍ I dTACA LE DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH 2023

### 6.1. Na príomhchéimeanna i dtreo na chéad deiseanna iascaireachta eile a shocrú

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, déanfaidh an Coimisiún a thograí i dtaca le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 a bhunú ar chomhairle eolaíoch ó ICES agus ó STECF, ar na cinntí a rinneadh le linn caibidlíochtaí déthaobhacha le tríú tíortha, ar chinntí a rinne ERBInna in 2022 agus ar anailís shocheacnamaíoch. Cé go bhféadfaí moill a bheith ar an gcomhairle eolaíoch i gcás roinnt stoc, mar gheall ar an tionchar ar ghníomhaíochtaí ICES le hionradh na Rúise ar an Úcráin, ní mheastar go ndéanfar difear d'uainiú na gcruinnithe ábhartha den Chomhairle. Cumhdóidh an Coimisiún a oiread stoc is féidir ina dtograí tosaigh i dtaca le deiseanna iascaireachta.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara an chomhairle eolaíoch a mheas a luaithe a bheidh sí ar fáil go poiblí. Is féidir leis na páirtithe leasmhara moltaí a dhéanamh freisin trí Chomhairlí Comhairleacha, údaráis náisiúnta agus ina n-aonar.

Déanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin éagsúla leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus leis na Stáit Chósta idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2022, agus is é is aidhm dó go ndéanfar an toradh a phróiseáil in am le haghaidh Chomhairle AGRIFISH.

Chomh maith le deiseanna iascaireacht a shocrú , oibreoidh an Coimisiún i gcaitheamh na bliana chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le socruithe roinnte le haghaidh stoic a dháiltear go forleathan le tríú tíortha nach bhfuil socruithe den sórt sin i bhfeidhm iontu faoi láthair, chun saothrú inbhuanaithe na stoc comhroinnte a áirithiú.

### 6.2. Deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh imchuacha farraige éagsúla

Maidir le **stoic arna mbainistiú ag an Aontas amháin i Muir Bhailt, sa Skagerrak/Kattegat agus in uiscí an iardheiscirt,** molfaidh an Coimisiún go ndéanfar an ráta básmhaireachta iascaireachta a choinneáil/a laghdú tuilleadh i gcomhréir le leibhéal na huastáirgeachta iascaireachta nuair a bheidh an chomhairle sin ar fáil ina leith. I gcás ina gcumasaítear le pleananna bainistíochta níos mó solúbthachta i ndáil le teorainneacha gabhála a shocrú, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go n-úsáidfí raon uasta leibhéil na huastáirgeachta iascaireachta maidir le stoic shláintiúla, ar an gcoinníoll go measann an chomhairle eolaíoch gur gá sin chun na cuspóirí faoin bPlean Ilbhliantúil le haghaidh iascach measctha a bhaint amach. Maidir le stoic a gcomhairlítear gabháil nialasach ina leith nó i gcás ina bhfuil laghdú mór sin ar an mbithmhais, chomh mór sin go bhfuil sí faoi bhun na teorann sábháilte, molfar bearta ceartaitheacha faoi na pleananna ilbhliantúla ábhartha chun na stoic a atógáil. Tabharfar aird bhreise ar mheastóireacht eolaíoch iomlán a dhéanamh ar an uastáirgeacht inbhuanaithe a luaithe is féidir le haghaidh stoic thábhachtacha eile.

I gcomhthéacs na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, bainfear na lamháltais *de minimis* nó ard-inmharthanachta ó chomhairle STECF i gcás inarb iomchuí. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le bearta laghdaithe foghabhála atá ann faoi láthair a chur chun feidhme.

Maidir le **stoic a roinntear le tríú tíortha** (an Ríocht Aontaithe, an Iorua, Stáit Chósta), tháinig méadú ar an líon TACanna a leagadh síos i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch in 2022, i gcás stoic a fhaigheann comhairle faoin uastáirgeacht inbhuanaithe agus i gcás na stoc sin a fhaigheann comhairle réamhchúraim. In 2023, cuirfidh an tAontas le cleachtadh 2022 agus leanfaidh sé de TACanna inbhuanaithe a shaothrú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch, dá bhforáiltear faoi CBI agus faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Féachfaidh an Coimisiún le tús a chur leis na comhairliúcháin, go háirithe leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, a luaithe is féidir san fhómhar, faoi réir na comhairle eolaíche a bheith ar fáil.

Tá iarracht déanta ag an Aontas freisin tús a chur le comhairliúcháin maidir le comhroinnt cuótaí le haghaidh 3 stoc a dháiltear go forleathan (an ronnach, an faoitín gorm, scadán na hIorua a sceitheann san earrach) a roinntear le stáit chósta eile. Maidir leis an ronnach, tá dul chun cinn á dhéanamh sna comhairliúcháin ó mhí an Mhárta 2022 i leith, cé gur chomhaontaigh na páirtithe lena mbaineann gur cheart dlús a chur leis na comhairliúcháin maidir leis an bhfaoitín gorm agus leis an scadán ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. D'iarr an tAontas ar na páirtithe uile comhréiteach inbhuanaithe a chumasú nach gcuirfidh leasanna dlisteanacha an Aontais ná a thionscail i gcontúirt.

I gcás **na Meánmhara agus na Mara Duibhe**, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh na Ballstáit dá n-iarrachtaí i dtreo chuspóirí Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar agus chuspóirí CGIM a bhaint amach agus cláir oibríochtúla uaillmhianacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme le haghaidh CEMID chun bearta tionlacain a fhorbairt. Is é is aidhm don togra i dtaca le deiseanna iascaireachta Plean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar a chur chun feidhme tuilleadh, lena n-áirítear tuilleadh laghduithe agus uirlisí bainistíochta a fhorbairt chun an uastáirgeacht iascaireachta a bhaint amach faoi mhí Eanáir 2025 ar a dhéanaí, ar bhonn cur chuige iomlánaíoch i gcaitheamh 2 bhliana.

Cé go bhfuil meastóireacht bhliantúil déanta ag STECF ar chur chun feidhme Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar ó glacadh é, seolfaidh an Coimisiún an obair ullmhúcháin chun tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar an phlean ar na stoic lena mbaineann faoi mhí Iúil 2024, agus ar an iascach lena saothraítear na stoic sin, i gcomhréir leis an gceanglas faoin bPlean Ilbhliantúil.

Taobh amuigh de chur chun feidhme Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar, rud a bheidh ríthábhachtach do chabhlaigh na Meánmhara amach anseo, is gá stoic roinnte a bhainistiú freisin chun cothroime iomaíochta a áirithiú idir na hiascairí uile sa Mheánmhuir. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith réamhghníomhach i CGIM, le tacaíocht ó na Ballstáit. Den mheon sin, cumhdófar freisin leis an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 bearta CGIM lena leathnaítear na deiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm cheana féin agus áireofar leis bearta breise a bheidh le glacadh ag seisiún bliantúil CGIM i mí na Samhna. Maidir le speiceas na Mara Duibhe, molfar TACanna agus cuótaí le haghaidh turbard i gcomhréir leis an gcinneadh ó CGIM i mí na Samhna 2022.

Ina theannta sin, i bhfianaise staid chriticiúil stoc na **n-eascann** Eorpach, tá an Coimisiún ag féachaint ar bhealaí lenar féidir aghaidh a thabhairt ar an gcomhairle is déanaí ó ICES lena gcomhairlítear gabháil nialasach[6] agus tá obair leantach á déanamh aige ar dhul chun cinn na mBallstát i dtaca le Pleananna Bainistíochta Eascann agus bearta faoin Rialachán maidir leis an Eascann a chur i bhfeidhm[7].

Ar deireadh, tá CGIM ag obair faoi láthair ar bhearta bainistíochta a d'fhéadfaí a ghlacadh, bunaithe go háirithe ar thorthaí an chláir taighde i ndáil leis an eascann Eorpach a cuireadh i gcrích le déanaí[8]. I ndáil leis sin, i mí an Mheithimh, glacfaidh comhlacht eolaíoch CGIM comhairle thiomnaithe maidir leis an eascann Eorpach a bhainistiú sa Mheánmhuir. Beidh sé ina lón eolais don chinnteoireacht maidir le cur chuige bainistíochta a d'fhéadfadh a bheith san Aontas.

## 7. CONCLÚID

Lean an t-iascach san Aontas de bheith ag fás ó thaobh na hinbhuanaitheachta de in 2021, cé is moite de Mhuir Bhailt, áit a bhfuil laghdú ag teacht ar roinnt stoc tráchtála a bhí tábhachtach roimhe seo, de bharr staid an chomhshaoil i Muir Bhailt. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí freisin, go háirithe sa Mheánmhuir. Lena thograí i dtaca le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023, is é is aidhm don Choimisiún athbhunú stoc a shaothrú tuilleadh agus na stoic atá ar leibhéil inbhuanaithe cheana féin a chomhdhlúthú.

Lasmuigh de staid na n-acmhainní iascaigh, ní mór aird a thabhairt freisin ar na héiceachórais mhuirí níos leithne. Chuige sin, tá Plean Gníomhaíochta á ullmhú ag an gCoimisiún chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint. Is é is aidhm dó speicis íogaire agus gnáthóga íogaire a chosaint tuilleadh, le bearta lena dtacófar le bonn eolais feabhsaithe, lena gcuirfear feabhas ar na sineirgí idir an t-iascach agus na páirtithe leasmhara comhshaoil, agus lena dtabharfar tacaíocht don earnáil chun aistriú cothrom agus cóir a áirithiú. Beidh an tacaíocht sin fós ríthábhachtach sna míonna agus sna blianta atá le teacht chun athléimneacht na n-iascach a áirithiú go háirithe i gcomhthéacs ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus i gcomhthéacs na géarchéime éiceolaíche agus aeráide.

Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh fiosrúcháin faoi chur chun feidhme CBI i dtuarascáil a bheidh le glacadh faoi dheireadh na bliana.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar Chomhairlí Comhairleacha, ar na páirtithe leasmhara agus ar an bpobal aiseolas a thabhairt maidir leis an Teachtaireacht seo faoin 31 Lúnasa 2022.

---

[6] Comhairle ó ICES an 4 Samhain: ele.2737.nea (ices.dk): 'Molann ICES, nuair a chuirtear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm, **nár cheart aon ghabháil a dhéanamh sna gnáthóga uile in 2022**'.

[7] Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17-23).

[8] https://www.fao.org/gfcm/technical-meetings/detail/en/c/1507967/

## AN SCEIDEAL OIBRE ATÁ BEARTAITHE[9]

| **Cathain** | **Céard** |
|---|---|
| Bealtaine — Samhain 2022 | Comhairle eolaíoch ó ICES |
| Meitheamh — Lúnasa 2022 | Comhairliúchán poiblí maidir leis an Teachtaireacht |
| Deireadh Lúnasa 2022 | Glacfaidh an Coimisiún an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta do Mhuir Bhailt |
| | |
| Meán Fómhair — Nollaig 2022 | Comhairliúcháin bhliantúla i dtaca le deiseanna iascaireachta in éineacht leis an Ríocht Aontaithe, leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, agus leis an Iorua |
| | |
| Lár Mheán Fómhair 2022 | Glacfaidh an Coimisiún an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta don Mheánmhuir agus don Mhuir Dhubh |
| Deireadh Fómhair 2022 | Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta do Mhuir Bhailt<br>Comhairliúcháin na Stát Cósta maidir le stoic a dháiltear go forleathan san Atlantach Thoir Thuaidh |
| Deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022 | Glacfaidh an Coimisiún an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta don Atlantach/don Mhuir Thuaidh |
| | |
| 7-11 Samhain 2022 | Seisiún bliantúil CGIM |
| 2 Nollaig 2022 | Measúnú stoc STECF agus comhairle bainistíochta |
| Nollaig 2022 | Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta don Atlantach/don Mhuir Thuaidh<br>Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta don Mheánmhuir agus don Mhuir Dhubh |

[9] Maidir le stoic arna mbainistiú ag ERBInna in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach bhfuil san Aontas, glactar na deiseanna iascaireachta tar éis chruinniú bliantúil ERBInna, trí athbhreithnithe tréimhsiúla ar an Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos na deiseanna iascaireachta.